



1,000 MÚINTEOIR BUNSCOILE EILE CHUN LEASA ÁR LEANAÍ!

**Ár bpríomhthosaíocht
don bhunoideachas agus
don oideachas speisialta
i mBuiséad 2027**

Aighneacht réamhbhuiséid ó
Chumann Múinteoirí Éireann

CAITHFIDH BUISÉAD 2027 DUL i nGLEIC LE GANNTANAS MÚINTEOIRÍ AGUS SEOMRAÍ RANGA RÓPHLÓDAITHE

Cén fáth 1,000 múinteoir bunscoile eile?

TACAÍOCHT DO MHÚINTEOIRÍ AGUS DALTAÍ

- ▶ Níos mó ama do theagaisc/fhoghlaim.
- ▶ Traochadh a laghdú.
- ▶ Méadú ar clúdach ionadaíochta/painéal soláthair.

FOIRNE AGUS CLÁRÚ BUNSCOILE			
Bliain	Clárú	Múinteoirí ranga príomhshrutha cailte	Dúnadh agus cónascadh scoileannas
2023	556,084	-237	5
2024	552,116	-290	2
2025	545,646	-381*	13

*Réamh-mheasta

SCOILEANNA NÍOS LAIDRE

- ▶ Sábhálann sé scoileanna beaga.
- ▶ Saineolas a choinneáil/am ceannaireachta a mhéadú.
- ▶ Ár gcóras oideachais a ullmhú don todhchaí.

SCOILEANNA BEAGA FAOI BHAGAIRT DÚNADH		NÁIRE NA hEORPA: MEÁNMHÉID RANGA	
Connacht	33	Éire	23
Mumhan	19	An Ghréig	17
Laighean	10	Lucsamburg	16
Uladh*	9	An Chróit	15

Unaithe ar réamhchlárúcháin; scoileanna le <16 daltaí; * An Cabhán, Dún na nGall, Muineachán

Bunaithe ar fhigiúirí OECD ó Education at a Glance 2025

TORTHAÍ NÍOS FEARR DO PHÁISTÍ

- ▶ Méideanna ranga a laghdú go meán an AE.
- ▶ Níos mó aire do gach dalta.
- ▶ Oideachas cuimsitheach a thacú.

DALTAÍ AG CAILLEADH AMACH!	
Páistí i ranganna níos mó ná meán an AE de 19	419,823*
Daoine neamhcháilithe ag clúdach neamhláithreachtaí gearrthéarmacha	7,864*
Poist múinteoireachta folamh	996**

*2024/2025 bliain scoile **2025/2026 bliain scoile

Is í Cumann Múinteoirí Éireann (CMÉ/INTO) an ceardchumann oideachais is mó ar oileán na hÉireann, le breis is 55,000 múinteoir ina bhall de.

Inár n-aighneacht réamhbhuiséid, táimid ag iarraidh ar an Rialtas líon na múinteoirí a mhéadú chun **LEASA LEANAÍ** na hÉireann!

Ó mhí Lúnasa 2024, tá an Rialtas tar éis líon na múinteoirí ranga príomhshrutha a ghearradh faoi bhreis is 900, ag fágáil páistí na hÉireann i lig taobh thiar dá gcomhghleacaithe Eorpacha i seomraí ranga róphlódaithe. Tá dochar gan insint déanta ag mainneachtain an Rialtais na poist mhúinteoireachta rithábhachtacha seo a choinneáil, ag am a bhfuil líon clárúchán ag titim.

Sna trí bhuiséad dheireanacha, in ainneoin ghealltanais an Rialtais méideanna na ranganna a laghdú go meán an AE de 19, níl aon athrú tagtha ar fhigiúirí ceapacháin agus coinneála múinteoirí bunscoile. Dá bhrí sin, tá 80% de dhaltaí na hÉireann fós i ranganna os cionn meánmhéid an AE.

Freastalaíonn formhór páistí le riachtanais bhreise ar scoileanna príomhshrutha. Chun córas oideachais chuimsitheach a chothabháil, tá géarghá le tacaíocht bhreise teagaisc ó scoileanna, ach tá laghdú tagtha ar leithdháileadh múinteoirí oideachais speisialta (SET) go leor scoileanna.

Chomh maith leis sin, níor leathnaíodh an scéim painéil soláthair ionadaíoch agus tá na mílte post ionadaíoch á líonadh ag daoine gan cáilíocht mhúinteoireachta bunscoile mar thoradh.

Tá scoileanna ag cailleadh a bpríomhoidí riaracháin agus a leas-phríomhoidí freisin toisc nár coigeartaíodh sceideal foirne na mbunscoileanna le trí bliana anuas.

Ina theannta sin, tá 75 scoil beaga tuaithe faoi bhagairt thromchúiseach dúnadh. Sa bhliain seo caite amháin, dúnadh 11 scoil ar a laghad go buan agus comhcheanglaíodh cinn eile.

Tá súil ag an Rialtas go dtacóidh curaclam bunscoile athfhorbartha le foghlaim ardchaighdeánach, chuimsitheach agus fhianaisebhunaithe do gach páiste, ag aithint cheart gach linbh chun rath a bhaint amach. Is dóchas uaigneach sin mura ndéantar na heasnaimh mhóra struchtúracha i soláthar foirne, a bhagraíonn inmharthanacht ár mbunscoileanna, a dheisiú go tapa.

Ó Bhuiséad 2027, tá 1,000 múinteoir bunscoile eile **ar a laghad** ag teastáil chun tús a chur leis na himthosca cearta a chruthú chun leasa leanaí na hÉireann.



Seán Ó Bricill



Brenda O Loughlin

Buiséad 2027



TORTHAÍ **NÍOS FEARR**



SCOILEANNA **NÍOS LÁIDRE**



NÍOS MÓ TACAÍOCHT DO SCOILEANNA

"IS CÉIM THÁBHACHTACH É INFHEISTÍOCHT I 1,000 MÚINTEOIR BUNSCOILE EILE CHUN AN BHEARNA FHOIRNE AINSEALACH I gCÓRAS BUNOIDEACHAIS AGUS OIDEACHAIS SPEISIALTA NA hÉIREANN A LÍONADH"

1,000 MÚINTEOIR BUNSCOILE EILE CHUN LEASA ÁR LEANAÍ!

Costas éighníomhacht an Rialtais

- ▶ Ranganna róphlódaithe, i bhfad níos mó ná meán an AE.
- ▶ Laghdú millteanach ar líon múinteoirí príomhshrutha.
- ▶ Na mílte poist ionadaíochta líonta ag pearsanra neamhcháilithe.
- ▶ Easpa tacaíochta teagaisc riachtanach d'oideachas speisialta/cuimsitheach.
- ▶ Ní éireoidh le cur i bhfeidhm curaclaim athfhorbartha gan múinteoirí cáilithe a bheith ar fáil.
- ▶ Breis is 75 scoil bheag i mbaol dúnadh.

1,000 MÚINTEOIR BUNSCOILE EILE CHUN LEASA ÁR LEANAÍ!

Costas 1,000 múinteoir eile

- ▶ Costas bliantúil 1,000 múinteoir bunscoile eile ná **€59.7 milliún**¹.
- ▶ Toisc nach dtosóidh múinteoirí nua ag obair go dtí Meán Fómhair 2027, níl ach **€20 milliún** i gceist le costas 2027.
- ▶ Má sholáthraítear 1,000 múinteoir bunscoile eile, ní mhéadóidh caiteachas na Roinne Oideachais agus Óige ach **0.5%** sa bhliain scoile 2027/28².



1. oireachtas.ie/en/debates/question/2026-06-16/516/
2. bit.ly/EducationBudget2026 (bunaithe ar chaiteachas reatha).